ISSN 0257-9537

# Iris Oifigiúil
## na gComhphobal Eorpach

**Eagrán Speisialta***

**21 Samhain 2001**

An t-eagrán Gaeilge

# Faisnéis agus Fógraí

Clár

Leathanach

*Achtú uchtaithe faoi Teideal VI den Conradh ar an Aontas Eorpach*

Gníomh ón gComhairle an 16 Deireadh Fómhair 2001 ag bunú i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh . . . . . . . . . . 1



* Faoin tagairt C 326 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla an Chomhphobail.

*(Achtú uchtaithe faoi Teideal VI den Conradh ar an Aontas Eorpach)*

# GNÍOMH ÓN gCOMHAIRLE

## an 16 Deireadh Fómhair 2001

## ag bunú i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe d'Airteagail 31(a) agus 34(2)(d) de,

Ag féachaint don tionscnamh ó Phoblacht na Fraince [1],

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa [2],

De bhrí:

(1) D'fhonn cuspóirí an Aontais a ghnóthú gur chóir na rialacha um chúnamh frithpháirteach in ábhair choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh a fheabhsú agus gur chóir Prótacal, mar atá arna leagan amach san Iarscríbhinn atá i gceangal leis seo, a bhunú chuige sin.

(2) Go dtagann Airteagal 8 den Phrótacal faoi raon feidhme Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe d'fhonn an Comhaontú arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua a chur i bhfeidhm maidir le comhlachas an dá Stát sin le hacquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt [3].

(3) Na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Chomhaontú arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh le Poblacht na hÍoslainne agus le Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le hacquis Schengen [4] a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, go ndearnadh iad a urramú maidir leis an bhforáil sin.

(4) Agus an Gníomh seo a bheith glactha á chur in iúl do Phoblacht na hÍoslainne agus do Ríocht na hIorua i gcomhréir le hAirteagal 8(2)(a) den Chomhaontú réamhluaite, go gcuirfear an dá Stát sin ar an eolas faoi inneachar Airteagal 16 ach go háirithe maidir le teacht i bhfeidhm don Íoslainn agus don Iorua,

TAR ÉIS A CHINNEADH go mbunaítear leis seo an Prótacal a bhfuil an téacs de san Iarscríbhinn agus atá arna shíniú ar an lá seo ag na hIonadaithe do na Rialtais de Bhallstáit an Aontais;

Á MHOLADH do na Ballstáit lena ghlacadh i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach;

Á IARRAIDH ar na Ballstáit na nósanna imeachta is infheidhme chuige sin a thosú roimh 1 Iúil 2002.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 16 Deireadh Fómhair 2001.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

D. REYNDERS

(1) IO C 243, 24.8.2000, lch. 11.

(2) Tuairim arna tabhairt ar an 4 Deireadh Fómhair 2001 (níl sé foilsithe fós san Iris Oifigiúil).

(3) IO L 176, 10.7.1999, lch. 31.

(4) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

*IARSCRÍBHINN*

# PRÓTACAL

## arna bhunú ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA sa Phrótacal seo, Ballstáit an Aontais Eorpaigh,

AG TAGAIRT don Ghníomh ón gComhairle an 16 Deireadh Fómhair 2001 ag bunú an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh,

AG CUR SAN ÁIREAMH na conclúidí arna nglacadh ag an gComhairle Eorpach in Tampere ar 15 agus 16 Deireadh Fómhair 1999 agus ar a riachtanaí atá a gcur chun feidhme láithreach d'fhonn limistéar saoirse, slándála agus ceartais a ghnóthú,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE na moltaí arna ndéanamh ag na saineolaithe agus na tuarascálacha um meastóireacht fhrithpháirteach á dtíolacadh acu atá bunaithe ar Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 97/827/CGB an 5 Nollaig 1997 ón gComhairle a bhunaíonn meicníocht chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm agus cur chun feidhme ar bhonn náisiúnta de ghealltanais idirnáisiúnta sa choimhlint i gcoinne na coiriúlachta eagraithe ([1]),

ÓS DEIMHIN LEO go bhfuil gá le bearta sa bhreis maidir le cúnamh frithpháirteach in ábhair choiriúla d'fhonn an choiriúlacht, lena n-áirítear ach go háirithe an choiriúlacht eagraithe, sciúradh airgid agus an choiriúlacht airgeadais a chomhrac,

TAR ÉIS COMHAONTÚ AR NA FORÁLACHA SEO A LEANAS, a chuirfear i gceangal leis an gCoinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh an 29 Bealtaine 2000 ([2]), dá ngairtear 'Coinbhinsiún 2000 um Chúnamh Frithpháirteach' anseo feasta, agus a bheidh ina gcuid dhílis de:

*Airteagal 1*

### Iarraidh ar fhaisnéis maidir le cuntais bhainc

1. Glacfaidh gach Ballstát, faoi na coinníollacha atá leagtha amach san Airteagal seo, na bearta is gá chun a shuíomh, agus freagra á thabhairt aige ar iarraidh ó Bhallstát eile, an bhfuil cuntas amháin nó níos mó, is cuma cén cineál, á shealbhú nó á rialú in aon bhanc atá suite ar a chríoch ag duine nádúrtha nó dlítheanach atá ina ábhar d'imscrúdú coiriúil agus, má tá, na mionsonraí uile de na cuntais atá sainaitheanta a sholáthar.

Beidh ar áireamh san fhaisnéis freisin, má iarrtar é agus a mhéad is féidir é a sholáthar laistigh d'am réasúnta, cuntais a bhfuil cumhachtaí aturnae ina leith ag an duine atá ina ábhar do na himeachtaí.

2. Níl an oibleagáid atá leagtha amach san Airteagal seo infheidhme ach amháin a mhéad atá an fhaisnéis i seilbh an bhainc atá ag sealbhú an chuntais.

3. Níl an oibleagáid atá leagtha amach san Airteagal seo infheidhme ach amháin má bhaineann an t-imscrúdú le:

— cion is inphionóis le pionós lena ngabhann cailleadh saoirse nó ordú coinneála go ceann uastréimhse ceithre bliana ar a laghad sa Stát iarrthach agus dhá bhliain ar a laghad sa Stát iarrtha, nó

— cion dá dtagraítear in Airteagal 2 de Choinbhinsiún 1995 maidir le hOifig Eorpach Póilíní (Coinbhinsiún Europol) a bhunú, nó san Iarscríbhinn atá i gceangal leis an gCoinbhinsiún sin, mar atá arna leasú, nó

— a mhéad nach bhfuil sé folaithe i gCoinbhinsiún Europol, cion dá dtagraítear i gCoinbhinsiún 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint, i bPrótacal 1996 a ghabhann leis, nó i nDara Prótacal 1997 a ghabhann leis.

4. Agus an iarraidh á déanamh aige déanfaidh an t-údaras san iarraidh:

— a shonrú cén fath go measann sé gur dócha go mbeidh an fhaisnéis iarrtha an-chuiditheach ar mhaithe leis an gcion a imscrúdú,

— a shonrú cad iad na forais lena thoimhde go sealbhaíonn bainc sa Bhallstát iarrtha an cuntas, agus, a mhéad is féidir, cad iad na bainc atá i dtreis,

— aon fhaisnéis atá ar fáil a thabhairt a d'éascódh an iarraidh a fhorghníomhú.

5. Féadfaidh Ballstáit forghníomhú na hiarrata de réir an Airteagail seo a chur faoi réir na gcoinníollacha céanna agus atá infheidhme acu ar iarrataí a bhaineann le cuardach agus urghabháil.

6. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh de bhun Airteagal 34(2)(c) den Chonradh ar an Aontas Eorpach raon feidhme mhír 3 a fhairsingiú.

([1]) IO L 344, 15.12.1997, lch. 7.
([2]) IO C 197, 12.7.2000, lch. 3.

*Airteagal 2*

**Iarrataí ar fhaisnéis maidir le hidirbhearta baincéireachta**

1. Arna iarraidh sin don Stát iarrthach, déanfaidh an Stát iarrtha na sonraí a sholáthar maidir le cuntais shonraithe bainc agus le hoibríochtaí baincéireachta atá curtha i gcrích le linn tréimhse sonraithe trí chuntas amháin nó níos mó arna sonrú san iarraidh, lena n-áirítear na sonraí maidir le haon chuntas seoltach nó faighteach.

2. Níl an oibleagáid atá leagtha amach san Airteagal seo infheidhme ach amháin a mhéad atá an fhaisnéis i seilbh an bhainc atá ag sealbhú an chuntais.

3. Sonróidh an Stát iarrthach ina iarraidh cén fáth go measann sé go mbaineann an fhaisnéis atá iarrtha le hábhar ar mhaithe leis an gcion a imscrúdú.

4. Féadfaidh Ballstáit forghníomhú na hiarrata de réir an Airteagail seo a chur faoi réir na gcoinníollacha céanna agus atá infheidhme acu ar iarrataí a bhaineann le cuardach agus urghabháil.

*Airteagal 3*

**Iarrataí maidir le faireachán a dhéanamh ar idirbhearta baincéireachta**

1. Gabhfaidh gach Ballstát ar láimh go n-áiritheoidh sé, arna iarraidh sin do Bhallstát eile, gur féidir leis faireachán a dhéanamh le linn tréimhse sonraithe ar oibríochtaí baincéireachtaí atá á gcur i gcrích trí chuntas amháin nó níos mó atá sonraithe san iarraidh agus torthaí an fhaireacháin a pháirtú leis an mBallstát iarrthach.

2. Sonróidh an Stát iarrthach ina iarraidh cén fáth go measann sé go mbaineann an fhaisnéis atá iarrtha le hábhar ar mhaithe leis an gcion a imscrúdú.

3. Glacfaidh na húdaráis inniúla sa Bhallstát iarrtha an cinneadh maidir le faireachán a dhéanamh i ngach cás leithleach le haird chuí acu ar an dlí náisiúnta sa Bhallstát sin.

4. Comhaontóidh na húdaráis inniúla sa Bhallstát iarrthach agus sa Bhallstát iarrtha na rialacha mionsonraithe maidir leis an bhfaireachán.

*Airteagal 4*

**Rúnmhaireacht**

Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú nach nochtann na bainc don chustaiméir bainc i dtrácht ná do thríú páirtithe eile gur cuireadh faisnéis chuig an mBallstát iarrthach i gcomhréir le hAirteagail 1, 2 nó 3 nó go bhfuil imscrúdú ar siúl.

*Airteagal 5*

**An oibleagáid faisnéis a thabhairt**

Má mheasann an t-údarás inniúil sa Ballstát iarrtha agus an iarraidh ar chúnamh frithpháirteach á forghníomhú aige gurb iomchuí imscrúduithe a ghabháil ar láimh nach raibh tuartha i dtosach báire nó nach bhféadfaí a shonrú nuair a rinneadh an iarraidh, cuirfidh sé an t-údarás iarrthach ar an eolas láithreach dá réir chun gur féidir leis gníomhaíocht sa bhreis a dhéanamh.

*Airteagal 6*

**Iarrataí sa bhreis ar chúnamh frithpháirteach**

1. Nuair a dhéanann an t-údarás inniúil sa Bhallstát iarrthach iarraidh ar chúnamh frithpháirteach atá sa bhreis ar iarraidh atá déanta níos luaithe, ní bheidh de cheangal air faisnéis a sholáthar atá curtha ar fáil cheana san iarraidh tosaigh. Beidh san iarraidh sa bhreis an fhaisnéis is gá chun an iarraidh tosaigh a shainaithint.

2. Nuair atá, i gcomhréir leis na forálacha i bhfeidhm, an t-údarás inniúil a bhfuil an iarraidh ar chúnamh frithpháirteach déanta aige, rannpháirteach san iarraidh a fhorghníomhú sa Bhallstát iarrtha, féadfaidh sé, gan dochar do Airteagal 6(3) de Choinbhinsiún 2000 um Chúnamh Frithpháirteach, iarraidh sa bhreis a dhéanamh go díreach chuig an údarás inniúil sa Bhallstát iarrtha le linn dó bheith sa Stát sin.

*Airteagal 7*

**Rúndacht na baincéireachta**

Ní agróidh Ballstát rúndacht na baincéireachta mar chúis chun comhar a dhiúltú a bhaineann le hiarraidh ar chúnamh frithpháirteach ó Bhallstát eile.

*Airteagal 8*

**Cionta fioscacha**

1. Ní fhéadfar cúnamh frithpháirteach a dhiúltú ar an bhforas amháin go mbaineann an iarraidh le cion atá ina chion fioscach dar leis an mBallstát iarrtha.

2. Má chuireann Ballstát mar choinníoll le hiarraidh a fhorghníomhú maidir le cuardach agus urghabháil go bhfuil an cion is siocair leis an iarraidh inphionóis faoina dhlí freisin, déanfar an coinníoll sin a chomhall maidir le cionta dá dtagraítear i mír 1, má fhreagraíonn an cion do chion den saghas céanna faoina dhlí.

Ní fhéadfar an iarraidh a dhiúltú ar an bhforas nach bhforchuireann an dlí sa Bhallstát iarrtha an cineál céanna cánach nó dleachta agus nach gcuimsíonn sé an cineál céanna rialacháin maidir le cáin, dleacht, custam agus malairt agus atá sa dlí sa Bhallstát iarrthach.

3. Aisghairtear leis seo Airteagal 50 de Choinbhinsiún Chur chun Feidhme Schengen.

*Airteagal 9*

**Cionta polaitiúla**

1. Ar mhaithe leis an gcúnamh dlí frithpháirteach idir Ballstáit, ní fhéadfaidh an Ballstát iarrtha aon chion a mheas mar chion polaitiúil, mar chion atá bainteach le cion polaitiúil nó mar chion a bhfuil tucaidí polaitiúla á spreagadh.

2. Féadfaidh gach Ballstát a dhearbhú, tráth an fhógra dá bhforáiltear in Airteagal 13(2) a thabhairt, nach gcuirfidh sé mír 1 i bhfeidhm ach amháin i ndáil:

(a) leis na cionta dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 de Choinbhinsiún Eorpach chun Sceimhlitheoireacht a Dhíothú an 27 Eanáir 1977;

agus

(b) le cionta comhcheilge nó comhlachais – a fhreagraíonn don tuairisc ar iompar dá dtagraítear in Airteagal 3(4) de Choinbhinsiún an 27 Meán Fómhair a bhaineann le heiseachadh idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh – cion nó níos mó de na cionta a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 den Choinbhinsiún Eorpach chun Sceimhlitheoireacht a Dhíothú.

3. Forchoimeádais arna ndéanamh de bhun Airteagal 13 den Choinbhinsiún Eorpach chun Sceimhlitheoireacht a Dhíothú ní bheidh siad infheidhme ar an gcúnamh dlí frithpháirteach idir Ballstáit.

*Airteagal 10*

**Diúltaithe arna ndíriú chuig an gComhairle agus páirteachas Eurojust**

1. Má dhiúltaítear iarraidh ar bhonn:

— Airteagal 2(b) den Choinbhinsiún Eorpach um Chúnamh Frithpháirteach nó Airteagal 22(2)(b) de Chonradh Benelux, nó

— Airteagal 51 de Choinbhinsiún Chur chun Feidhme Schengen nó Airteagal 5 den Choinbhinsiún Eorpach um Chúnamh Frithpháirteach, nó

— Airteagal 1(5) nó Airteagal 2(4) den Phrótacal seo,

agus go seasann an Ballstát iarrthach lena iarraidh agus nach féidir réiteach a fháil, díreoidh an Ballstát iarrtha an cinneadh réasúnaithe an iarraidh a dhiúltú chuig an gComhairle mar eolas, chun gur féidir an dóigh a n-oibríonn an comhar breithiúnach idir Ballstáit a mheas.

2. Féadfaidh na húdaráis inniúla sa Stát iarrthach aon fhadhb a thagann chun cinn maidir le hiarraidh a fhorghníomhú i ndáil leis na forálacha dá dtagraítear i mír 1 a tharchur chuig Eurojust, a luaithe atá sé bunaithe, chun réiteach praiticiúil a aimsiú i gcomhréir leis na forálacha arna leagan síos san ionstraim ag bunú Eurojust.

*Airteagal 11*

**Forchoimeádais**

Ní fhéadfar forchoimeádais a dhéanamh i leith an Phrótacail seo seachas na cinn sin dá bhforáiltear in Airteagal 9(2).

*Airteagal 12*

**Cur i bhfeidhm críochach**

Gabhfaidh éifeacht le cur i bhfeidhm an Phrótacail seo i nGiobráltar nuair a ghabhfaidh éifeacht le Coinbhinsiún 2000 um Chúnamh Frithpháirteach i nGiobráltar, i gcomhréir le hAirteagal 26 den Choinbhinsiún sin.

*Airteagal 13*

**Teacht i bhfeidhm**

1. Beidh an Prótacal seo faoi réir a ghlactha ag na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl d'Ardrúnaí na Comhairle go bhfuil na nósanna imeachta chun an Prótacal seo a ghlacadh comhlánaithe acu.

3. Tiocfaidh an Protacal seo i bhfeidhm maidir leis na hocht mBallstát i dtrácht 90 lá tar éis an fógra dá dtagraítear i mír 2 a bheith tugtha ag an Stát is Ballstát den Aontas Eorpach ar dháta na Comhairle do ghlacadh an Gníomh ag bunú an Phrótacail seo agus arb é an t-ochtú Stát é chun an fhoirmiúlacht sin a chomhlánú. Ar a shon sin, mura mbeidh Coinbhinsiún 2000 um Chúnamh Frithpháirteach tagtha i bhfeidhm ar an dáta sin, tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm ar an dáta a thiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm.

4. Beidh ag aon fhógra ó Bhallstát i ndiaidh an Prótacal seo a theacht i bhfeidhm faoi mhír 3 an éifeacht seo go dtiocfaidh an Protacal seo i bhfeidhm, 90 lá tar éis an fhógra sin, idir an Ballstát sin agus na Ballstáit sin a bhfuil an Protacal tagtha i bhfeidhm iontu cheana.

5. Sula dtiocfaidh an Protacal seo i bhfeidhm de bhun mhír 3, féadfaidh aon Bhallstát, tráth an fhógra dá dtagraítear i mír 2 a thabhairt nó tráth ar bith ina dhiaidh sin, a dhearbhú go mbeidh an Protacal seo infheidhme ar a chaidreamh leis na Ballstáit a bhfuil an dearbhú céanna déanta acu. Gabhfaidh éifeacht le dearbhuithe den sórt sin 90 lá tar éis dáta a dtaiscthe.

6. D'ainneoin mhíreanna 3 go 5, ní ghabhfaidh éifeacht le teacht i bhfeidhm ná le cur i bhfeidhm an Phrótacail seo sa chaidreamh idir aon dá Bhallstát roimh theacht i bhfeidhm nó roimh chur i bhfeidhm Choinbhinsiún 2000 um Chúnamh Frithpháirteach idir na Ballstáit sin.

7. Beidh an Protacal seo infheidhme ar chúnamh frithpháirteach arna thosú tar éis an dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm nó a chuirfear i bhfeidhm é de bhun mhír 5 idir na Ballstáit i dtrácht.

*Airteagal 14*

**Aontachas Ballstát nua**

1. Beidh aontachas leis an bProtacal seo ar oscailt d'aon Stát a thagann chun bheith ina Bhallstát den Aontas Eorpach agus a aontaíonn do Choinbhinsiún 2000.

2. Is téacs údarásach téacs an Phrótacail seo i dteanga an Bhallstáit aontaigh, arna tharraingt suas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh.

3. Taiscfear na hionstraimí aontachais leis an taiscí.

4. Tiocfaidh an Protacal seo i bhfeidhm i leith aon Stát a aontaíonn dó 90 lá tar éis dó a ionstraim aontachais a thaisceadh nó ar dháta an Phrótacail seo a theacht i bhfeidhm mura mbeidh sé tagtha i bhfeidhm fós tráth na tréimhse sin 90 lá a dhul in éag.

5. Mura mbeidh an Protacal seo tagtha i bhfeidhm fós tráth a n-ionstraimí aontachais a thaisceadh, beidh Airteagal 13(5) infheidhme ar Bhallstáit aontacha.

6. D'ainneoin mhíreanna 4 agus 5, ní ghabhfaidh éifeacht le teacht i bhfeidhm ná le cur i bhfeidhm an Phrótacail seo i leith an Stát aontach roimh theacht i bhfeidhm nó roimh chur i bhfeidhm Choinbhinsiún 2000 um Chúnamh Frithpháirteach i leith an Stáit sin.

*Airteagal 15*

**Seasamh na hÍoslainne agus na hIorua**

Is éard a bheidh in Airteagal 8 bearta a leasaíonn na forálacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn A atá i gceangal leis an gComhaontú arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh le Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le hacquis Schengen ([1]) (dá ngairtear 'Comhaontú Comhlachais' anseo feasta), a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, nó bearta arna mbunú ar na forálacha sin.

*Airteagal 16*

**Teacht i bhfeidhm maidir leis an Íoslainn agus an Iorua**

1. Gan dochar d'Airteagal 8 den Chomhaontú Comhlachais, tiocfaidh an fhoráil dá dtagraítear in Airteagal 15 i bhfeidhm i leith na hÍoslainne agus na hIorua 90 lá tar éis an Chomhairle agus an Coimisiún an fhaisnéis a fháil de bhun Airteagal 8(2) den Chomhaontú Comhlachais ar an dá Stát sin a riachtanais bhunreachtúla a chomhall, ina gcaidreamh frithpháirteach le haon Bhallstát a bhfuil an Protacal seo curtha i bhfeidhm ann cheana de bhun Airteagal 13(3) nó (4).

2. Aon teacht i bhfeidhm den Phrótacal seo i leith Ballstáit tar éis teacht i bhfeidhm na forála dá dtagraítear in Airteagal 15 i leith na hÍoslainne agus na hIorua, déanfaidh sé go bhfuil an fhoráil sin infheidhme freisin sa chaidreamh frithpháirteach idir an Ballstát sin agus an Íoslainn agus an Iorua.

3. Ar aon chuma, ní thiocfaidh an fhoráil dá dtagraítear in Airteagal 15 chun bheith ceangailteach ar an Íoslainn agus ar an Iorua roimh theacht i bhfeidhm na bhforálacha dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) de Choinbhinsiún 2000 um Chúnamh Frithpháirteach i leith an dá Stát sin.

4. Gan dochar do mhíreanna 1, 2 agus 3, tiocfaidh an fhoráil dá dtagraítear in Airteagal 15 i bhfeidhm i leith na hÍoslainne agus na hIorua ar dháta nach déanaí ná an dáta a thiocfaidh an Protacal seo i bhfeidhm don chúigiú Stát déag is Ballstát den Aontas Eorpach ar dháta na Comhairle do ghlacadh an Gníomh ag bunú an Phrótacail seo.

*Airteagal 17*

**Taiscí**

Is é Ardrúnaí na Comhairle taiscí an Choinbhinsiúin seo.


Foilseoidh an taiscí in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach* faisnéis maidir leis an bProtacal a ghlacadh agus aontachais leis, maidir leis na ráitis agus na forchoimeádais maille le haon fhógra eile a bhaineann leis.

DÁ FHIANÚ SIN, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 16 Dheireadh Fómhair 2001, i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis, sa Spáinnis agus sa tSualainnis, agus comhúdarás ag gach ceann de na téacsanna sin; déanfar an scríbhinn bhunaidh sin a thaisceadh i gcartlann Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Díreoidh an tArdrúnaí cóip fhíordheimhnithe de chuig gach Ballstát.

([1]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.


Pour le gouvernement du Royaume de Belgique
Voor de Regering van het Koninkrijk België
Für die Regierung des Königreichs Belgien




For regeringen for Kongeriget Danmark



Für die Regierung der Bundesrepublik Deutschland




Για την κυβέρνηση της Ελληνικής Δημοκρατίας




Por el Gobierno del Reino de España




Pour le gouvernement de la République française




Thar ceann Rialtas na hÉireann
For the Government of Ireland




Per il governo della Repubblica italiana




Pour le gouvernement du Grand-Duché de Luxembourg




Voor de Regering van het Koninkrijk der Nederlanden




Für die Regierung der Republik Österreich




Pelo Governo da República Portuguesa



Suomen hallituksen puolesta
På finska regeringens vägnar



På svenska regeringens vägnar



For the Government of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland

